Preaseisiúint

Foras na Gaeilge

Os cionn €4.2M de dheontais faofa ag Bord Fhoras na Gaeilge

An 1 Iúil 2016

Is cúis áthais d'Fhoras na Gaeilge a chur in iúl gur faomhadh deontais dar luach €4,264,359 do scéimeanna pobail agus óige ag cruinniú boird Fhoras na Gaeilge ar an 1 Iúil 2016.

I measc na nithe a pléadh ag cruinniú boird an lae inniu, bhí Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020 agus Scéim na nImeachtaí Óige 2016/17.

Cheadaigh an bord deontais shuntasacha, dar luach €4,081,483, do 22 deontaí ar fud an oileáin, tríd an scéim shuaitheanta, Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020. Faoin mbabhta seo den scéim maoineoidh Foras na Gaeilge gréasán de 22 oifigeach forbartha Gaeilge pobalbhunaithe a fhostófar faoi stiúir coistí Gaeilge logánta ar feadh ceithre bliana ó mhí Iúil 2016 go dtí mí an Mheithimh 2020.

Ceadaíodh deontais dar luach €182,876 do Scéim na nImeachtaí Óige 2016/17 a thugann deiseanna úsáide do dhaoine óga a spreagann iad chun an Ghaeilge a úsáid i mbealach spraíúil. Cuirfidh na deontais ar chumas na ndeontaithe ar a laghad 12 seisiún a eagrú, thar thréimhse dhá bhliain, atá dírithe ar dhaoine óga idir 3 bliana agus 18 mbliana d'aois taobh amuigh den scoil.

Ag fáiltiú roimh chinneadh an bhoird inniu, dúirt Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, Ferdie Mac an Fhailigh "Táimid thar a bheith sásta an tsuim mhór airgid a ceadaíodh inniu a fhógairt agus go bhfuil ar ár gcumas cur le líon na ndeontaithe do Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020, ach go háirithe, in ainneoin bhrú leanúnach a bhíonn ar chistí ár scéimeanna maoinithe. Aithníonn Foras na Gaeilge tábhacht na hinfheistíochta bunaidh den chineál seo atá de dhíth ag leibhéal an phobail agus beidh muid ag súil go mór le leas na Gaeilge ar fud fad na tíre da thairbhe. Bíonn ró-éileamh i gcónaí ar chistí teoranta ár scéimeanna maoinithe áfach, agus ní bhíonn ar ár gcumas gach iarratas incháilithe dár scéimeanna a cheadú."

Críoch

Nóta don Eagarthóir:

Ceadaíodh deontais do na hiarratasóirí seo a leanas don Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020:

Iarratasóir	**Contae**
An Cumann Gaelach Muineachán	Co. Mhuineacháin
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	Co. an Dúin
Ionadh Uíbh Eachach	Co. Aontroma
Gael-Fhorbairt na Gaillimhe	Co. na Gaillimhe
Pobal ar A'n Iúl	Co. Thír Eoghain
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Co. Dhoire
Cairde Uí Néill	Co. Dhoire
Glór na Spéiríní	Co. Dhoire
An Clár as Gaeilge	Co. an Chláir
Cairde Teo	Co. Ard Mhacha
Conradh na Gaeilge, Craobh an Aonaigh	Co. Thiobraid Árann
Muintir Chrónáin Teo.	Co. Bhaile Átha Cliath
Glór na Móna	Co. Aontroma
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Co. Aontroma
An Droichead	Co. Aontroma
Glór Cheatharlach	Co. Cheatharlach
Glór Dhún Geimhin	Co. Dhoire
Cumann Gaelach na hEaglaise	Co. Bhaile Átha Cliath
Ionad na Fuinseoige	Co. Aontroma
Glór Uachtar Tíre	Co. an Dúin
Cumann Gaelach Leath Chathail	Co. an Dúin
Togra Mhaigh Eo	Co. Mhaigh Eo

Tuilleadh eolais:

Gearóid Mag Uibhrín, Foras na Gaeilge
Teil: +353 87 177 9018
Ríomhphost: gmaguibhrin@forasnagaeilge.ie